

# Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann  
Irish Tax and Customs

## Nuachóiriú a dhéanamh ar Riaradh Cánach Breisluacha

### Tuarascáil ar an bpróiseas Comhairliúcháin Phoiblí tosaigh

### Príomhthorthaí

**27<sup>th</sup> Meitheamh 2024**

Ríomhphost: [vatmodernisation@revenue.ie](mailto:vatmodernisation@revenue.ie)

Suíomh idirlín: [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

## Clár na nÁbhar

|  |    |
|--|----|
| Achoimre Feidhmeach .....  | 4  |
| Cén fáth a bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag dul i gcomhairle? .....   | 4  |
| Cé a d'fhreagair? .....  | 4  |
| Cad a d'inis freagróirí dúinn? .....   | 5  |
| Conclúid .....   | 6  |
| Cuid 1. Réamhrá.....   | 8  |
| Léargas Ginearálta .....   | 8  |
| Comhthéacs don Chomhairliúchán.....  | 8  |
| Structúr an Chomhairliúcháin .....   | 9  |
| Rannpháirtíocht a chur chun cinn.....  | 9  |
| Cuid 2. Cé a thug freagra ar an gComhairliúchán seo.....   | 10 |
| Cuid 3. Achoimre ar na Freagraí .....  | 13 |
| C.1. Tuairimí atá ag gnóthaí maidir leis an togra chun tuairisciú fíor-ama a thabhairt isteach d'idirbhearta B2B agus B2G. ....  | 14 |
| An méid a dúradh linn.....   | 14 |
| C.1. Na tuairimí atá ag páirtithe leasmhara maidir leis an togra chun tuairisciú fíor-ama a thabhairt isteach d'idirbhearta B2B agus B2G.....                                | 15 |
| C.2. Ba chóir an méid a dúirt gnóthaí a chur san áireamh agus iad ag pleanáil d'aistriú chuig córas nua Tuairiscithe CBL.....  | 16 |
| An méid a dúradh linn.....   | 16 |
| C.2. Ba chóir an méid a luaigh na páirtithe leasmhara a chur san áireamh agus pleanáil lá dhéanamh e haghaidh aistriú chuig córas nua Tuairiscithe CBL.....                  | 17 |
| C.3. Dea-chleachtas, moltaí nó ceachtanna a foghlaimíodh ó ghnóthaí atá faoi réir tuairisciú CBL in áiteanna eile faoi láthair. ....   | 18 |
| An méid a dúradh linn.....   | 18 |
| C.3. Moltaí na bpáirtithe leasmhara agus ceachtanna a foghlaimíodh óna dtaithí féin nó ó thaithí a gcliaint atá faoi réir tuairisciú CBL faoi láthair in áiteanna eile. .... | 19 |
| C.4. Tuairimí, ábhair imní, nó moltaí ó ghnóthaí maidir le bogadh chuig ríomhshonrascadh le haghaidh idirbhearta CBL intíre B2B & B2G.....                                   | 20 |
| Dúirt Freagróirí Gnó linn. ....  | 20 |
| C.4. Tuairimí, ábhair imní agus moltaí na bpáirtithe leasmhara maidir le haistriú chuig ríomhshonrascadh le haghaidh idirbhearta CBL intíre B2B & B2G.....                   | 21 |
| C.5. Tuairimí ó ghnóthaí atá i mbun ríomhshonrascú cheana féin.....  | 22 |
| Céard a d'inis tú dúinn faoi do chuid ullmhúcháin agus dúshláin.....   | 22 |
| C.5. Tuairimí ó pháirtithe leasmhara le taithí éigin ar ríomhshonrascadh. ....   | 23 |
| C.6. Moltaí ó ghnóthaí maidir le haistriú na hÉireann chuig clár ríomhshonrasctha B2B agus B2G.24  |    |
| Bhur moltaí. ....  | 24 |
| C.6. Moltaí na bpáirtithe leasmhara do chlár ríomhshonrasctha B2B agus B2G na hÉireann. ....   | 25 |

|  |    |
|--|----|
| C.7. Tugann an fhaisnéis leid maidir le céard a bheadh úsáideach do ghnólachtaí chun an tuairisceán CBL a chomhlánú? ..... | 26 |
| An méid a dúradh linn.....   | 26 |
| C.7. Cén leideanna faisnéise a bheadh úsáideach do ghnólachtaí chun an tuairisceán CBL a chomhlánú? .....                  | 27 |
| Cuid 4. Conclúidí agus na Chéad Chéimeanna Eile .....  | 29 |
| Conclúidí .....  | 29 |
| Na chéad chéimeanna eile agus próisis chomhairliúcháin amach anseo .....   | 29 |

## Achoimre Feidhmeach

Tar éis fhógra an Aire Airgeadais maidir le Nuachóiriú CBL ina óráid Bhuiséid an 10 Deireadh Fómhair 2023, thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi phróiseas Comhairliúcháin Phoiblí maidir le teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun riarachán CBL a nua-aoisiú. Go sonrach, dhírigh an Comhairliúchán ar an aistriú chuig tuairisciú digiteach fíor-ama atá beartaithe le haghaidh CBL le tacaíocht ó sonrascú leictreonach. Tugtar achoimre sa Tuarascáil seo ar an gComhairliúchán tosaigh a tharla le déanaí, achoimrítear comhthéacs an chomhairliúcháin ann, soláthraítear faisnéis faoi rannpháirtíocht, tugtar achoimre ar an raon leathan freagraí a fuarthas, agus aibhsítear tuairimí a nochtann go leor de na téamaí a bhí le feiceáil sna freagraí sin.

### ***Cén fáth a bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag dul i gcomhairle?***

Ba é an Comhairliúchán Poiblí le déanaí an chéad cheann i sraith rannpháirtíochtaí ar mian leis na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanamh le gnóthaí agus le páirtithe leasmhara eile sna blianta beaga amach romhainn agus muid ag obair ar chlár nua-aoisithe CBL a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. D'oibrigh córas riaracháin CBL na hÉireann go maith le 50 bliain anuas, ach is féidir cur chuige níos éifeachtaí a bheith ann anois má bhainimid leas as acmhainneacht na teicneolaíochta nua-aimseartha agus foghlaim ó thaithí tíortha eile a bhog romhainn ar an turas seo.

Ba é aidhm ár gComhairliúchán tosaigh ná aiseolas ó pháirtithe leasmhara seachtracha a bhailiú maidir le dul chun cinn digiteach a chumasaíonn ríomhshonrascadh d'idirbhearta idir gnólachtaí, agus conas is féidir linn é seo a úsáid mar bhonn chun tuairisciú fíor-ama, digiteach CBL a thabhairt isteach. D'fhoilsigh na Coimisinéirí Ioncaim Páipéar Comhairliúcháin inar tugadh réamhrá ar choincheapa an tuairiscithe dhigitigh agus an ríomhshonrascadh; phléigh sé an fáth gur féidir le nuálaíochtaí den sórt sin – atá ag éirí níos comónta go hidirnáisiúnta, agus a léiríonn treo thionscnamh CBL sa Ré Dhigiteach (ViDA) de chuid Choimisiún an AE – a bheith chun tairbhe don earnáil ghnó agus riarachán cánach níos éifeachtaí a chumasú.

Dearadh an Comhairliúchán tosaigh seo mar rannpháirtíocht luathchéime chun faisnéis a sholáthar faoi na coincheapa a bhaineann le tuairisciú fíor-ama agus ríomhshonrascadh, agus chun freagairtí tosaigh na bhfreagróirí a lorg. Sula ndearnadh aon chinneadh maidir le mionsonraí an phróisis nua-aoisithe, bhí spéis ar leith ag na Coimisinéirí Ioncaim tuiscint a fháil ar aon ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann do ghnólachtaí nó do pháirtithe leasmhara, ionas gur féidir iad seo a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu mar chuid de chlár nua-aoisithe CBL. Cé go raibh raon feidhme an Chomhairliúcháin tosaigh teoranta d'idirbhearta gnó go gnó (B2B) agus idirbhearta gnó go rialtas (B2G), sna hamanna amach romhainn, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim comhairliúcháin maidir le nua-aoisiú ar ábhair bhreise lena n-áirítear, mar shampla, idirbhearta gnólacht le tomhaltóir (B2C), cuir chuige maidir le híocaíocht/aisíocaíochtaí CBL, agus cuntas a thabhairt ar CBL.

Mhair an tréimhse Chomhairliúcháin ó lár mhí Dheireadh Fómhair 2023 ar feadh níos mó ná trí mhí, ag dúnadh ag deireadh mhí Eanáir 2024. I gCuid 1 den Tuarascáil seo, tugtar eolas faoin gcaoi ar cuireadh struchtúr ar an gComhairliúchán agus faoin gcaoi ar cuireadh chun cinn é.

### ***Cé a d'fhreagair?***

Fuarthas os cionn 1,100 freagra san iomlán. Tháinig níos mó ná 1,000 ó ghnólachtaí atá sa líontán CBL ('freagróirí gnó') agus tháinig an chuid eile ó pháirtithe leasmhara eile ('freagróirí geallsealbhóirí'), amhail gnólachtaí comhairleacha cánach agus cuntasáíochta, grúpaí ionadaíocha gairmiúla, soláthraithe bogearraí agus comhlachais ghnó.

## Achoimre Feidhmeach

I measc na bhfreagróirí gnó, dúirt 54% linn go n-oibríonn siad mar thrádálaithe aonair nó mar chomhpháirtíocht, agus 46% trí struchtúr corparáideach. Is gnólachtaí san earnáil seirbhíse iad níos mó ná leath (55%), gan ach 20% ag soláthar earraí amháin, agus 25% ag soláthar earraí agus seirbhísí araon. Déanann thart ar leath de na freagróirí gnó trádáil le soláthraithe lasmuigh d'Éirinn, agus soláthraíonn thart ar aon trian acu custaiméirí in Éirinn agus thar lear.

Tháinig céatadán an-ard de fhreagraí gnó ó fhiontair a bheadh beag ó thaobh scála de: dúirt os cionn 46% go bhfuil a láimhdeachas bliantúil faoi €100,000 agus go raibh 28% eile sa raon €100,001 suas go dtí €700,000. I gcodarsnacht leis sin, níor tháinig ach 6% de na freagraí ó ghnólachtaí a bhfuil láimhdeachas níos mó ná €12m acu in aghaidh na bliana. Níl fostaithe ar bith ag beagnach 45% díobh siúd a d'fhreagair.

Dúirt formhór na bhfreagróirí gnó linn go n-úsáideann siad teicneolaíocht dhigiteach cheana féin maidir lena ngnó. Thuairiscigh os cionn 56% go n-úsáideann siad bogearraí cuntasaíochta chun tacú lena bpróisis airgeadais. Maidir le sonraisc CBL, dúirt níos mó ná 69% linn go n-eisíonn siad sonrasc de chineál éigin go digiteach. Níor dhúirt ach 23% nach n-úsáideann siad córas páipéir ach amháin le haghaidh sonraisc CBL.

Soláthraíonn Cuid 2 den Tuarascáil seo níos mó sonraí maidir le próifíl na bhfreagróirí ar an bpróiseas Comhairliúcháin. Cuidíonn an fhaisnéis sin linn tuiscint níos fearr a fháil ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn na freagróirí, agus ar chúlra na dtuairimí a chuir siad chun cinn ina n-aighneachtaí.

### ***Cad a d'inis freagróirí dúinn?***

Tugadh cuireadh do rannpháirtithe sa phróiseas Comhairliúcháin freagra a thabhairt ar sheacht gCeist Chomhairliúcháin. Ní raibh dualgas ar rannpháirtithe a bhfreagraí ar na seacht gceist a theorannú, agus d'fhéadfaidís ionchur níos leithne a chur ar fáil freisin, dá mba mhian leo.

Tugann Cuid 3 den Tuarascáil seo achoimre ar na hábhair a chlúdaítear sna freagraí ó fhreagróirí Gnó agus ó pháirtithe leasmhara eile (faoi seach). Áirítear sna codanna sin den Tuarascáil raon de shleachta díreacha ó aighneachtaí a bhfuil sé mar aidhm acu blas ionadaíoch a thabhairt ar na tuairimí a fuarthas.

Ba é cuspóir foriomlán an Chomhairliúcháin ná chun tuairimí tosaigh a lorg ón bpobal CBL agus muid ag cur tús lenár n-idirphlé maidir le Nua-aoisiú CBL. Ag breathnú go forleathan ar na freagraí, léiríonn siad, ag an gcéim luath seo sa phlé:

- go bhfuil thart ar 45% d'fhreagróirí gnó sásta fáilte mhór a chur roimh threo foriomlán na dtograí tuairiscithe fíor-ama CBL a leagtar amach sa Pháipéar Comhairliúcháin,
- thug thart ar aon trian le fios go bhfuil imní orthu faoi roinnt gnéithe,
- dúirt beagnach 14% gur mhaith leo tuilleadh eolais a bheith acu sula gcuirfeadh siad tuairim in iúl, agus
- níor thug ach 5% le fios go measann siad go mbeidh an córas reatha tuairiscithe CBL oiriúnach amach anseo.

Maidir le gnéithe ar leith de na tograí, chuir an raon éagsúil gnólachtaí agus páirtithe leasmhara a d'fhreagair raidhse tuairimí, léargais agus moltaí ar fáil a thabharfaidh peirspictíochtaí luachmhara dúinn, a bhreithneofar agus muid ag dul ar aghaidh agus muid ag ullmhú do thuras rathúil nuachóirithe CBL.

Bhí cosúlacht shuntasach idir an réimse téamaí a ardaíodh sa dá chatagóir freagróirí, agus pléadh saincheisteanna gaolmhara faoi gach ceann de cheanteidil na gceisteanna. I go leor cásanna, bhí

ábhar na dtuairimí nó tuairimí an fhreagróra mar fhreagra ar cheist amháin athráite i bhfreagra ar go leor ceisteanna eile freisin.

I measc na bpríomhthéamaí a bhí le feiceáil sna freagraí bhí na nithe seo a leanas:

- an géarghá go ndéanfadh Coimisinéirí Ioncaim dteagmháil le gnólachtaí agus le páirtithe leasmhara eile (lena n-áirítear cleachtóirí cánach, soláthraithe bogearraí agus cumainn ghnó) le linn an phróisis pleanála, deartha agus cur i bhfeidhm d'aon athruithe,
- an tábhacht a bhaineann le soiléireacht ó thaobh amlínte, agus agaí tionscanta leordhóthanacha a bheith tugtha chun cur ar chumas gnólachtaí déileáil le tabhairt isteach, tástáil agus aon socruithe nua a sheiceáil sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm,
- imní faoi chumas roinnt gnólachtaí, go háirithe gnólachtaí beaga, dul in oiriúint do shocruithe digiteacha nua,
- go bhfuil ríthábhacht ag baint le hardú feasachta agus treoir theicniúil chuimsitheach a sholáthar chun tacú le gnólachtaí agus le páirtithe leasmhara eile a imreofar tionchar orthu chun aon athruithe a thuiscint agus chun ullmhú go maith ina leith,
- imní costais do ghnólachtaí, go háirithe FBManna, maidir le socruithe nó córais nua TF a thabhairt isteach agus a oibriú, agus comhoiriúnacht lena ngnáthchórais ghnó a chinntiú,
- an tábhacht a bhaineann le héascaíocht úsáide maidir le dearadh aon chórais nua, ós rud é go mbíonn tionchar aige sin ar an ualach riaracháin ar ghnólachtaí,
- moltaí maidir le cén struchtúr a bheadh ar na hathruithe, lena n-áirítear smaointe maidir le hathruithe a chéimniú le himeacht ama, agus
- an gá atá le foghlaim ó thíortha eile a bhfuil tionscnaimh chomhchosúla tugtha isteach acu.

Sa phlé a rinne Coimisiún an Aontais Eorpaigh ar an togra maidir le "CBL sa Ré Dhigiteach", déantar foráil maidir le deireadh a chur le ceanglas Choimisiún an AE go lorgódh na Ballstáit maolú chun ríomhshonrascadh B2B a ghlacadh chucu féin. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar ghlacadh na gcóras ríomhshonrascatha laistigh de mhargadh an Aontais mar thoradh air sin. Beimid i dteagmháil agus ag obair le chéile ó thaobh na teicneolaíochta agus comhoibrithe de, le sonrascú leictreonach agus le soláthraithe bogearraí, chun a chinntiú gur féidir le gnólachtaí a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

### **Conclúid**

Léiríonn torthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí an rannchuidiú fíorluachmhar a dhéanann gnólachtaí beaga chun an plé a bhaineann leis an nuachóiriú atá beartaithe i dtuairisciú idirbheart chuig na Coimisinéirí Ioncaim a mhúnlú. Cé go n-aithnítear go bhfuil imní agus míchinnteacht ag cur as do ghnólachtaí beaga maidir le haon athruithe atá beartaithe, léirigh gnólachtaí beaga leibhéal inmholta rannpháirtíochta sa phróiseas comhairliúcháin.

Is mór ag na Coimisinéirí Ioncaim an méid a rinne na freagróirí go léir a ghlac an t-am chun a dtuairimí, a dtaithe, a smaointe agus a moltaí a roinnt le linn an phróisis Chomhairliúcháin Phoiblí. Beidh ról lárnach ag a rannpháirtíocht i múnlú ár gclár nua-aoisithe CBL agus cuirfidh sé bonn eolais faoi iarrachtaí leanúnacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte, deiseanna a thapú, agus athrú dearfach a spreagadh.

Tá sé mar aidhm againn gach moladh, ábhar imní agus moladh a bhreithniú maidir lenár gclár nua-aoisithe a fhorbairt, agus dul i dteagmháil le gnólachtaí agus le páirtithe leasmhara faoi na hábhair seo de réir mar a théimid ar aghaidh.

## Achoimre Feidhmeach

Ba é an Próiseas Comhairliúcháin seo an chéad chéim inár rannpháirtíocht leis an gComhphobal CBL maidir le Nuachóiriú Tuairiscithe CBL. Tá sé beartaithe againn an cineál cur chuige comhairliúcháin leanúnach céanna a ghlacadh a úsáideadh nuair a chuir muid tús le dearadh chlár Nua-aoisithe ÍMAT, rud a bhí ríthábhachtach chun tuiscint ghnó agus ceannach isteach a fhorbairt.

Ag croí-lár na hiarrachta seo, táimid ag iarraidh an nuachóiriú ar thuairisciú CBL agus riachtanais chomhlíontachta CBL a ailíniú le gnáthchórais oibriúcháin agus airgeadais gnólachtaí. Ar ndóigh, beidh ar ár gcur chuige dul in oiriúint iomchuí le haon reachtaíocht leasaithe de chuid an AE - go háirithe, an Treoir agus Rialacháin leasaitheacha ViDA.

Tá clár dea-dheartha um Nuachóiriú CBL ina thosaíocht ar chonair na gCoimisinéirí Ioncaim chun tacú le comhlíontacht CBL do ghnólachtaí agus feabhas a chur ar éifeachtacht ár riarachán cánach.

Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim meas faoina luach ar an tiomantas a bheidh ag teastáil, ní hamháin uainn féin, ach ó ghnólachtaí, agus ó pháirtithe leasmhara chun tacú lenár gclár nua-aoisithe um Thuairisciú CBL agus táimid dearfach gur féidir é seo a bhaint amach trí rannpháirtíocht oscailte agus comhoibriú.

## Cuid 1. Réamhrá

### **Léargas Ginearálta**

Is tuarascáil é an doiciméad seo ar Chomhairliúchán Poiblí a rinne na Coimisineirí Ioncaim le déanaí maidir teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun riarachán na hÉireann ar Cháin Bhreisluacha (CBL) a nua-aoisiú.

Tugtar achoimre ar chomhthéacs an Chomhairliúcháin sa gCuid seo agus soláthraíonn sé faisnéis faoin gcaoi a ndearnadh é a struchtúru agus a chur chun cinn. Soláthraíonn Cuid 2 den Tuarascáil próifíl ardleibhéal na bhfreagróirí. Sainaithnítear na príomh-shaincheisteanna a d'eascair as a bhfreagraí i Cuid 3 (a chlédaíonn freagairtí gnó agus páirtithe leasmhara araon). Ar deireadh, cuirtear críoch leis an Tuarascáil i gCuid 4 le roinnt faisnéise faoi na chéad chéimeanna eile.

### **Comhthéacs don Chomhairliúchán.**

D'fhógair an tAire Airgeadais an próiseas Comhairliúcháin Phoiblí ina óráid Bhuiséid<sup>1</sup> an 10 Deireadh Fómhair 2023.

Beartaíodh an Comhairliúchán tosaigh seo mar an chéad chéim in idirphlé leathnaithe leis an bpobal CBL. Dhírigh sé ar conas is féidir linn dul chun cinn digiteach a úsáid chun sonrascú leictreonach (ríomhshonrascadh) a chumasú le haghaidh idirbhearta idir gnólachtaí agus tuairisciú CBL fíor-ama a thabhairt isteach le haghaidh idirbhearta intíre gnó go gnó (B2G) agus gnó-go-rialtas (B2G). Díríonn an chéim chomhairliúcháin seo ar thuairisciú B2B agus B2G. Níor bhreithnigh sé idirbhearta gnólacht le tomhaltóir (B2C) ná nithe eile, amhail an cur chuige maidir le híocaíocht/aisíocaíochtaí CBL agus cuntas a thabhairt ar CBL; beidh siad sin i measc na n-ábhar a chlúdófar i gcomhairliúcháin amach anseo.

Is mian leis na Coimisineirí Ioncaim plé agus tuairimí a fháil ó phobal CBL na hÉireann faoi na buntáistí, na dúshláin agus na deiseanna a bhainfeadh le nuachóiriú a dhéanamh ar riarachán CBL.

Mínítear sa Pháipéar Comhairliúcháin a d'fhoilsigh na Coimisineirí Ioncaim i mí Dheireadh Fómhair<sup>2</sup> go bhfuil próiseas reatha na hÉireann maidir le tuairisciú CBL - atá gan athrú den chuid is mó le cúig scór bliain ó tugadh CBL isteach - tar éis freastal go maith ar a chuspóir, ach is féidir cur chuige níos fearr a chur i bhfeidhm anois don todhchaí. Leis an nuatheicneolaíocht atá ann anois, féadtar nua-aoisiú digiteach a dhéanamh ar thuairisciú CBL a d'fhéadfadh a bheith ina bhuntáiste do ghnólachtaí agus don chóras cánach araon, trí chur chuige a chruthú i leith riarachán CBL a léiríonn réaltacht na timpeallachta tráchtála nua-aimseartha agus a cheadaíonn comhlíonadh CBL a chomhtháthú níos fearr i ngnáthphróisis ghnó.

I mí na Nollag 2022, d'fhoilsigh Coimisiún an Aontais Eorpaigh togra maidir le “CBL sa Ré Dhigiteach” (ViDA)<sup>3</sup> lena bhfuil sé i gceist tírdhreach CBL an Aontais a nuachóiriú trí cheanglais chomhlíontachta CBL trasteorann a chuíchóiriú agus a dhigitiú agus trí chomhchuíbhiú na gcóras tuairiscithe arna n-oibriú ag na Ballstáit a fheabhsú. Tá an úsáid éigeantach a bheartaítear a bhaint as ríomhshonrascadh ar chaighdeán coiteann mar bhonn agus mar thaca ag tograí an Aontais.

<sup>1</sup> <https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/dail/2023-10-10/4/>

<sup>2</sup> <https://www.revenue.ie/en/corporate/documents/consultations/vat-modernisation.pdf>

<sup>3</sup> [https://taxation-customs.ec.europa.eu/taxation-1/value-added-tax-vat/vat-digital-age\\_en](https://taxation-customs.ec.europa.eu/taxation-1/value-added-tax-vat/vat-digital-age_en)

### ***Struchtúr an Chomhairliúcháin***

Thug an próiseas Comhairliúcháin deis do gach páirtí leasmhar a dtuairimí a thabhairt ar na tograí atá leagtha amach i bPáipéar na gCoimisinéirí Ioncaim. Cuireadh eolas ar an gComhairliúchán mar aon le nasc chuid an gceistneoir ar líne ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tugadh cuireadh do ghnólachtaí, do sholáthraithe bogearraí cuntasáiochta, do sholáthraithe ríomhshonrascha, do chleachtóirí cánach, do ghnólachtaí cuntasáiochta, do choimeádaithe leabhar, do chomhlachtaí ionadaíocha gnó agus tionscail, agus do pháirtithe leasmhara eile páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin. Rinneadh formhór na bhfreagraí trí áis ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim, agus roghnaigh céatadán níos lú a bhfreagra a chur isteach trí ríomhphost nó sa phost chuig na seoltaí fógartha.

Iarradh tuairimí na bhfreagróirí ar sheacht gCeist Chomhairliúcháin, agus fáiltíodh roimh thuairimí ar aon téamaí ábhartha eile a bhféadfadh freagróir a bheith ag iarraidh ionchur a thabhairt ina leith.

Iarradh ar fhreagróirí gnó freisin (ach ní raibh gá leo) roinnt ceisteanna gearra fíorasacha (ilrogha) a fhreagairt faoina bpróifíl ghnó – inis dúinn faoina méid láimhdeachais, struchtúr dlíthiúil, suíomh an chustaiméara agus an tsoláthróra, úsáid bogearraí, agus rannpháirtíocht le ríomhshonrascadh – ionas go mbeimid in ann tuiscint níos fearr a fháil ar chomhthéacs a bhfreagraí ar na príomhcheisteanna comhairliúcháin, agus ar na tuairimí agus na dúshláin a d'aithin siad. Mar a luaitear sa Cheistneoir Comhairliúcháin, déantar anaithnidiú ar aighneachtaí na bhfreagróirí gnó faoina bpróifíl ghnó agus déantar a gcuid freagraí a chomhiomlánú chun anailís a dhéanamh ar na haighneachtaí.

### ***Rannpháirtíocht a chur chun cinn***

Tar éis gur fógraíodh an próiseas Comhairliúcháin in Óráid Bhuiséid an Aire Airgeadais, úsáideadh roinnt bealaí chun é a phoibliú agus chun rannpháirtíocht a spreagadh, lena n-áirítear:

- Eisíodh preasráitis ar [Revenue.ie](http://Revenue.ie) agus [Gov.ie](http://Gov.ie) araon a d'ardaigh na meáin náisiúnta.
- Fuair gach gnólacht atá cláraithe le haghaidh CBL fógra faoin gComhairliúchán chuig a mbosca isteach ar Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an nasc Comhairliúcháin chun cinn ar a dTairseach FBM.
- Chuir na Coimisinéirí Ioncaim an Comhairliúchán chun cinn ag an gComhdháil Building Better Business i mBaile Átha Cliath.
- Bhí idirphlé ann le Fiontraíocht Éireann agus leis na comhlachtaí ionadaíocha do ghnólachtaí beaga.
- Bhí cumarsáid ann le comhlachtaí ionadaíocha gairmiúla cánach, le gnólachtaí gairmiúla, agus le fóraim tionscail.

Tá a fhios againn freisin gur chuir roinnt comhlachtaí Cánach agus Cuntasáiochta agus gnólachtaí Gairmiúla an Comhairliúcháin chun cinn agus spreag siad a mballraíocht agus a gcliaint chun dul i dteagmháil agus freagairt. Rinne cuid de na comhlachtaí agus na gnólachtaí sin a suirbhé féin i measc a mbonn ballraíochta/cliant agus chuir siad eolas ar fáil faoin toradh a bhí air sin mar chuid den mhéid a chuir siad leis an bpróiseas Comhairliúcháin. Ionchur breise cabhrach a bhí ann.

## Cuid 2. Cé a thug freagra ar an gComhairliúchán seo

Fuarthas **1,118** freagra bailí ó réimse éagsúil gnóthaí agus páirtithe leasmhara eile. Tíolacadh formhór na bhfreagraí tríd an nasc comhairliúcháin ar líne.

Aithnímid an fhreagra shuntasach ó ghnóthaí, go háirithe ó ghnóthaí beaga agus meánmhéide, a bhfuil ról ríthábhachtach acu inár ngeilleagar, agus tá a bhfreagraí riachtanach chun beartais agus tionscnaimh a cheapadh atá cuimsitheach, pragmatach agus inbhuanaithe. Tugann a ndearccháí léargas luachmhar ar na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann le hathruithe tuairiscithe agus ríomhshonrasctha agus leagann siad béim ar réimsí inní nó dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann ar gá breithniú cúramach a dhéanamh orthu.

Leag torthaí an chéad phróisis chomhairliúcháin phoiblí seo béim ar rannpháirtíocht theoranta ó chorparáidí móra. D'fhéadfadh na cúiseanna leis an easpa rannpháirtíochta seo a bheith éagsúil. Aithnímid, áfach, gur chuir an cohórt seo go mór le comhairliúcháin chomhthreomhara arna gcomhordú ag a ngnólacht gairmiúil nó ag a gcomhlacht ionadaíoch agus tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann lena ndearccháí agus a rannchuidiú leis an bplé.

Cé gur tugadh faoi deara gur ghlac líon níos ísle corparáidí móra páirt dhíreach sa phróiseas comhairliúcháin seo, tugann sé deis idirphlé agus comhoibriú amach anseo. Tá na Coimisinéirí loncaim tiomanta i gcónaí do chumarsáid oscailte agus comhoibriú a chothú le gach gnó, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus deiseanna comhroinnte.

Trí thimpeallacht chuimsitheach agus comhoibríoch a chruthú le haghaidh idirphlé, tá súil ag na Coimisinéirí loncaim malartuithe agus comhoibriú fiúntach a éascú chun córas ríomhshonrasctha agus Tuairiscithe CBL Digiteach a oibríonn do ghnóthaí agus do na Coimisinéirí loncaim a chur i bhfeidhm go rathúil.

Sula bpléitear torthaí agus anailís na bhfreagraí comhairliúcháin phoiblí, ba mhaith leis na Coimisinéirí loncaim buíochas a ghabháil le gach gnó agus geallsealbhóir a ghlac an t-am chun páirt a ghlacadh sa phróiseas tábhachtach seo. I gCuid 3, breathnaítear níos doimhne ar fhreagraí ó Ghnóthaí agus ó Pháirtithe Leasmhara.







Bhí próisea **Comhairliúcháin Phoiblí** na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le **Naoisiú CBL** ar siúl ón 13 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 31 Eanáir 2024, arna thacú ag ceistneoir ar líne.

D'fhoilsigh Coimisiún an AE a thogra maidir le **"CBL sa Ré Dhigiteach"** (ViDA) ar an 8 Nollaig 2022.

**Tuiscintí ón gComhairliúchán Poiblí um Nua -aoisiú CBL**



Fuarthas os cionn 1,000 freagra bailí ceistneora ó réimse éagsúil gnóthaí agus ó pháirtithe leasmhara eile. Seo thíos roinnt tuiscintí ar phróifíl ghnó na bhfreagróirí gnó.



## Freagróirí Earnála

Níor chuir <2% sonraí gnó ar fáil



## Cuid 3. Achoimre ar na Freagraí

Cuirimid fáilte roimh na gnóthaí agus páirtithe leasmhara go léir a ghlac páirt agus aithnímid go mbeidh tionchar dearfach ag an dá ghrúpa ar chur i bhfeidhm rathúil ár gclár chun riarachán cánach a nuachóiriú.

Le linn an phróisis chomhairliúcháin, bhí cosúlachtaí idir na freagraí ó pháirtithe leasmhara agus iad siúd ó ghnóthaí ag éirí níos soiléire. Tháinig freagraí na bpáirtithe leasmhara le trácht agus meon an aiseolais ghnó den chuid is mó, agus leag siad béim go háirithe ar an ngá atá le tacaíocht leanúnach do ghnóthaí chun a chinntiú go bhfuil an próiseas tuairiscithe nua simplí, soiléir agus éifeachtúil.

Chuir an dá ghrúpa i bhfios go láidir go mbeadh gá le nuachóiriú chun oibriú go costéifeachtach laistigh de chórais agus próisis gnóthaí atá ann cheana a mhéid is féidir. Chuir siad i bhfios go láidir freisin gur chóir go mbeadh éifeacht le haon nuachóiriú agus an cur isteach is lú is féidir ar ghnó ó thaobh costais agus ama acmhainní de.

Thug gnóthaí agus páirtithe leasmhara araon tús áite dá áirithiú gur chóir go mbeadh am tosaigh iomchuí ann le cur chun feidhme céimnithe agus idirthréimhse oiriúnach, le tacaíocht ón bhfoilsíú luath agus cinnteacht maidir leis na riachtanais theicniúla mhionsonraithe agus tosaíocht láidir acu gur cheart go mbeadh na sonraíochtaí sin comhsheasmhach le ViDA.

Leag siad béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le rialuithe láidre agus bearta slándála sonraí a choinneáil chun faisnéis íogair airgeadais a chosaint ó chibearbhagairtí agus ó sháruithe sonraí.

Sa chuid seo, tá achoimre déanta againn ar chuid de thuairimí agus moltaí na ngnóthaí agus na bpáirtithe leasmhara.

**C.1. Tuairimí atá ag gnóthaí maidir leis an togra chun tuairisciú fíor-ama a thabhairt isteach d'idirbhearta B2B agus B2G.**

Ag an rannpháirtíocht tosaigh seo, is léir go dtacaíonn thart ar 45% d'fhreagróirí Gnó le nuachóirí atá beartaithe. Thug thart ar aon trian le fios go mbeadh imní orthu faoi bhogadh go tuairisciú fíor-ama. Agus thug 14% eile le fios gur mhaith leo go mbeadh tuilleadh eolais in ann trácht a dhéanamh ar aistriú chuig córas tuairiscithe digiteach.

Agus anailís á déanamh ar na tuairimí a cuireadh ar fáil, téama a bhain le líon suntasach freagróirí ná go mbraitheann gnóthaí go mb'fhéidir nach mbeadh siad in ann "rudáí a chur ina gceart". D'fhéadfadh méadú ar an am riaracháin a bheith mar thoradh air seo, dar leo, agus d'fhéadfadh tráthúlacht agus saincheistanna airgeadais a bheith mar thoradh air mura bhfuil siad in ann tuairisciú de réir mar is gá.


Le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí, chuir gnóthaí imní in iúl go seasta maidir lena gcumas córas TF, litearthacht TF, infhaighteacht bogearraí, agus rochtain ar sheirbhísí iontaofa leathanbhanda - ag cur in iúl go mbraitheann gnóthaí go bhféadfadh na nithe sin bac a chur ar a gcumas dul i mbun réitigh dhigiteacha, amhail ríomhshonrascadh agus ardáin tuairiscithe CBL.

I gcás FBM, bhí costais a bhaineann leis an gcur chun feidhme atá beartaithe, an tábhacht a bhaineann le hamanna tástála leordhóthanacha a áirithiú agus am luaidhe céimnithe mar théamaí láidre eile.

Luadh iliomad téamaí eile freisin; ba mhian leo go ndéanfimid cinnte nach bhfuil aon tionchar ar shreabhadh airgid gnó, gan aon athrú ar mhinicíocht na dtuairisceán agus na roghnachta, ag brath ar mhéid an ghnó.

Dúirt cuid acu go mbeidh siad sásta má laghdaíonn tuairisciú fíor-ama an t-am riaracháin dá ngnóthaí.

Chuir roinnt gnóthaí in iúl go dtacaíonn siad leis an togra, ag aithint na mbuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis agus an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith aige ar a ngnó. Aithníonn na gnóthaí seo an tábhacht a bhaineann le nuálaíocht agus dul chun cinn agus chuir siad in iúl go bhfuil siad toilteanach cineálacha cur chuige nó réitigh nua a fhiosrú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nó ar dheiseanna atá ann cheana.



An méid a dúradh linn.

"Buartha faoin am agus faoin gcostas a bhaineann leis an gcóras nua a thabhairt isteach".

"Bheadh orm an córas a thuiscint go hiomlán sular féidir liom freagra gonta a thabhairt".

"Is smaoineamh maith é go bhféadfadh an cheist a bheith mar chostas ar ghnóthaí beaga. úsáidimid [bogearraí ainmnithe] mar sin tá sé uathoibrithe dúinn den chuid is mó ar aon nós".

"Sílim gur smaoineamh maith é - céim sa treo ceart"

"Ní féidir gan infheistíocht sa teicneolaíocht".

"Céim fhorásach agus sásúil, go pearsanta is fearr liom i bhfad cáin dlite a íoc de réir mar a thagann sé chun cinn".

"má dhéanann sé gach rud níos éasca agus nach bhfuil bogearraí daor i gceist ansin tá mé go léir ina bhfábhair".

"Caithfidh sé a bheith éasca don earnáil FBM agus gan ualach ró-mhór a chur ar fhoirne oifige. Caithfidh sé an obair atá ann cheana a laghdú."

"Tuigim an gá atá le bogadh chuig tuairisciú digiteach CBL ach sílim gur aistriú mór agus cleachtadh costasach a bheidh ann do ghnóthaí beaga, go háirithe iad siúd a úsáideann scarbhileoga faoi láthair chun idirbhearta a thaifeadadh seachas bogearraí cuntasaíochta."

**C.1. Na tuairimí atá ag páirtithe leasmhara maidir leis an togra chun tuairisciú fíor-ama a thabhairt isteach d'idirbhearta B2B agus B2G.**

- ✓ Léirigh na freagraí go raibh páirtithe leasmhara ag tacú le bogadh na gCoimisinéirí loncaim chun tuairisciú fíor-ama a thabhairt isteach agus go bhfeiceann siad gur céim dhearfach é do ghnóthaí agus ag an am céanna a aithint go mbeidh comhoibriú agus plé leanúnach ag teastáil idir na Coimisinéirí loncaim, gnóthaí agus na páirtithe leasmhara eile.
- ✓ Cé go bhfáiltíonn siad roimh nuálaíocht dhigiteach, dúirt cuid acu go mbraitheann an bealach ina bhforghníomhaíonn na Coimisinéirí loncaim nuachóiriú CBL a rath ar deireadh thiar, agus go mbainfidh gnó tairbhe as éifeachtúlachtaí méadaithe agus costais chomhlíontachta níos ísle san fhadtéarma, agus go mbeidh sé ríthábhachtach go n-éireoidh leis.
- ✓ Dúradh freisin, nuair a bheidh tuairisciú fíor-ama agus ríomhshonrascadh bunaithe, gurb é an chéad chéim eile ná íocaíochtaí CBL fíor-ama a cheadú.
- ✓ Chuir freagairtí roinnt páirtithe leasmhara i dtreis gur chóir dearadh tuairiscithe fíor-ama na hÉireann a ailíniú leis an méid a comhaontaíodh ar leibhéal an AE i ndáil le gné an Riachtanais maidir le Tuairisciú Digiteach ('DRR') de ViDA, chun costais chomhlíontachta do ghnóthaí a íoslaghdú trí chomhoiriúnú.
- ✓ Agus tacaíocht á tabhairt don nuachóiriú, bhí imní ar roinnt daoine nár chóir drochthionchar a imirt ar ghnáth ghníomhaíochtaí gnó trádálaithe.
- ✓ Thug cuid acu rabhadh gan bogadh go róthapa. Mhol siad do na Coimisinéirí loncaim foghlaim ó Riaracháin Chánach eile agus ó ghnóthaí Éireannacha sna tíortha sin a raibh taithí acu ar DRR nó ríomhshonrascadh a chur i bhfeidhm agus gan na botúin chéanna a dhéanamh arís.
- ✓ Mhol roinnt daoine go dtugann tabhairt isteach tuairiscithe fíor-ama ní hamháin buntáistí do na Coimisinéirí loncaim agus do ghnóthaí ach d'fhéadfadh sé freisin do ghníomhaireachtaí rialtais eile sonraí fíor-ama a ghíaráil maidir le gníomhaíocht ghnó chun léargais luachmhara a fháil ar chinntí sonraibhunaithe a d'fhéadfadh fás eacnamaíoch a chothú.
- ✓ Bhí imní maidir le leibhéal litearthachta TF a gcliant agus cumas agus comhoiriúnacht a gcóras gnó reatha le córais na gCoimisinéirí loncaim le feiceáil go láidir sna freagraí ó pháirtithe leasmhara.
- ✓ Thug páirtithe leasmhara a chuaigh i gcomhairle lena gcliant faoin bPróiseas Comhairliúcháin le fios cé gurb iad na hamanna tosaigh, na costais agus an cur isteach ar ghnóthaí na príomhábhair imní, glactar leis go ginearálta, ar shuirbhé ar shampla dá gcliant, go bhfuil sé dosheachanta bogadh chuig DRR fíor-ama sa ré dhigiteach.
- ✓ Agus fáilte á cur acu roimh an gclár nuachóirithe seo mar chéim dhearfach do ghnóthaí agus do na Coimisinéirí loncaim, thug roinnt páirtithe leasmhara le fios go gcaithfidh sé a bheith faoi réir próiseas comhairliúcháin fairsing.

**C.2. Ba chóir an méid a dúirt gnóthaí a chur san áireamh agus iad ag pleanáil d'aistriú chuig córas nua Tuairiscithe CBL.**

Nuair a iarradh orthu machnamh a dhéanamh ar an méid ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim a chur san áireamh agus iad ag pleanáil do chóras tuairiscithe nua, thairg gnóthaí raidhse moltaí arís. Bhí roinnt téamaí ceannasacha le feiceáil sna freagraí ar bheagnach gach ceist a cuireadh sa Chomhairliúchán.

Chuir aiseolas gnó tús le rogha láidir maidir le simplíocht, éascaíocht úsáide, a bheith in ann oibriú le leibhéal comhiomlánaithe, amlínte leordhóthanacha le haghaidh tuairiscithe, infhaighteacht Painéal na nIonstraimí neamhchasta, agus leideanna agus meabhrúcháin maidir le comhlíontacht a "bhrú".

Is mian láidir ó ghnóthaí go dtacófar le héascaíocht úsáide agus soiléireachta sa phróiseas tuairiscithe trí oiliúint agus treoir, ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le córais atá éasca le húsáid a dhearadh a íoslghdaíonn castacht agus a éascaíonn rannpháirtíocht custaiméirí réidh.

Chuir gnóthaí in iúl go láidir gur chóir do na Coimisinéirí Ioncaim cumarsáid éifeachtach agus thrédhearcach a dhéanamh agus tús áite a thabhairt di chun gnóthaí a choinneáil ar an eolas, a bheith páirteach agus ailínithe le linn an phróisis athraithe.

Ba mhaith le gnóthaí bealaí cumarsáide éagsúla a fheiceáil le húsáid amhail ríomhphoist, leideanna ROS, cruinnithe faisnéise, agus nótaí treorach, chun a chinntiú gur féidir le gnóthaí rochtain a fháil ar fhaisnéis atá ábhartha dá riachtanais, a thuigtear agus atá tráthúil.

Agus córas nua á phleanáil, teastaíonn cinnteacht ó ghnóthaí maidir le próisis agus amlínte atá leordhóthanach agus a léiríonn a bpróifíl ghnó, le céimeanna feidhmithe céimnithe ar chúl tástáil láidir ar chomhtháthú a mbogearraí le córais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Chun cabhrú le hathrú a threorú go héifeachtach, tá gnóthaí ag moladh go gcaithfidh na Coimisinéirí Ioncaim dóthain ama a cheadú le haghaidh ullmhúcháin, comhoibrithe agus coigeartaithe de réir mar a chuirtear córas nua nuachóirithe tuairiscithe CBL i bhfeidhm.

Luaigh roinnt gnóthaí gur chóir Bonn Cuntasaíochta Airgid i leith CBL a choinneáil go hiomlán sa scéim tuairiscithe nua seo. D'iarr roinnt daoine go dtabharfaí smaoineamh ar an gcaoi a ndéanfaidh gnóthaí ar an mbonn airgid a fhaightear cuntas ar CBL nuair a fhaightear íocaíocht a n-idirbhearta sonraisc díolacháin a thuairisciú mura n-íoctar sonrasc sa tréimhse tuairiscithe chéanna.

Is mian le gnóthaí níos lú ama a chaitheamh ar thascanna riaracháin a bhaineann le cáin agus i gcás ina n-aithnítear costais bhreise agus ina bhfuil sé dosheachanta, ní mór dóibh sochair a fheiceáil a fhabhraíonn ón aistriú chuig samhail tuairiscithe nua.

An méid a dúradh linn.  
"Córas éasca le húsáid, iontaofa, tapa"

"Costas do ghnóthaí agus infhaighteacht bogearraí comhoiriúnacha".

"Ba mhaith liom go smaoineofa ar an ualach ar ghnóthaí beaga nach bhfuil na hacmhainní acu agus nach mbailíonn méideanna móra CBL".

"Ba chóir go mbeadh idirthréimhse mhaith tugtha agus go gceadófaí oiliúint agus tacaíocht ó na Coimisinéirí Ioncaim agus ó fhorbróirí bogearraí araon".

"Tréimhse leordhóthanach chéimnithe nach n-oireann do chách - d'fhéadfadh go mbeadh am breise ag teastáil ó roinnt gnóthaí beaga chun cloí leis".

"Cumas micreaghnóthais /trádálaithe aonair comhlíontacha, amhail mise, dul i ngleic le riachtanais bhreise tuairiscithe".

"B'fhéidir go bhfuil sé bunaithe ar láimhdeachas, rud a ligeann do chuideachtaí beaga an córas reatha a úsáid ach is féidir le cuideachtaí a bhfuil láimhdeachas níos mó acu córas nua tuairiscithe CBL a úsáid".

"An mbeidh cuntasaíocht airgid CBL ar fáil".

"Níl muid ar fad eolach ar ríomhaire".

"Tabhair aire do na gnóthaí sin nach bhfuil ar bun le haghaidh a leithéid de bheart".

**C.2. Ba chóir an méid a luaigh na páirtithe leasmhara a chur san áireamh agus pleanáil lá dhéanamh e haghaidh aistriú chuig córas nua Tuairiscithe CBL.**

- ✓ Dúradh go bhfuil sé ríthábhachtach go dtabharfaí dóthain ama agus cinnteachta do ghnóthaí maidir leis na riachtanais theicniúla agus gur chóir go mbeadh céim phíolótach ar fáil do ghnóthaí agus go dtabharfaí isteach de réir a chéile iad.
- ✓ Dúradh freisin gur gá machnamh cúramach a dhéanamh ar na hamlínte éigeantacha chun ceannacháin agus díolacháin a thuirisciú, go háirithe maidir le ríomhshonrascadh isteach/amach agus na socrúithe maidir le hidirbhearta laistigh den Ghrúpa CBL.
- ✓ Mhol na páirtithe leasmhara go ndéanfaí aon chóras nua CBL a sheasfaidh an aimsir, lena n-áiríteofaí an teicneolaíocht agus a hidir-inoibritheacht dár riachtanais tuairiscithe intíre agus do ViDA an Aontais araon, tá na riachtanais ailínithe go dlúth agus beidh siad inoiriúnaithe freisin d'fhorbairtí teicneolaíochta amach anseo.
- ✓ Leag páirtithe leasmhara béim ar an ngá atá le cinnteacht le dearadh a comhaontaíodh agus a cuireadh ar fáil do ghnóthaí i bhfad roimh chur i bhfeidhm córas DRR fíor-ama. Ina theannta sin, lorg siad tréimhsí tástála tráthúla agus leordhóthanacha, cosúil leis an gcaoi ar chuir na Coimisinéirí Ioncaim cur i bhfeidhm CESOP agus Nua-Aoisiú ÍMAT i bhfeidhm.
- ✓ D'iarr páirtithe leasmhara go ndéanfaí comhairliúchán idir na Coimisinéirí Ioncaim, gnóthaí agus soláthraithe bogearraí chun gur féidir oibleagáidí tuairiscithe digiteacha a chomhtháthú i gcórais ghnó.
- ✓ Luaigh roinnt gur chóir raon feidhme an méid is gá a thuirisciú go digiteach i bhfíor-ama a mheas go cúramach i bhfad roimh ré. Agus aiseolas a gcliant á thabhairt dá n-aird acu, chuir páirtithe leasmhara imní in iúl go bhféadfadh dúshláin a bheith ag baint le sonraí cruinne ar leibhéal an idirbhairt a sholáthar ar bhonn fíor-ama toisc nach gcomhlíonann na córais TF reatha riachtanais tuairiscithe dhigitigh fíor-ama go héasca. D'fhéadfadh dúshláin a bheith ann freisin maidir le déileáil le hidirbhearta neamhchaighdeánacha, ceartúcháin láimhe agus gnólachtaí a bhfuil córais éagsúla acu a dteastaíonn athmhuintearas mionsonraithe uathu ag deireadh na míosa toisc nach bhféadfadh na córais sin "labhairt lena chéile i gcónaí."
- ✓ Chomh maith leis an mian atá ag gnóthaí clár cuimsitheach treorach agus tacaíochta a chur ar fáil, dúirt comhlachtaí ionadaíocha gur chóir do na Coimisinéirí Ioncaim breithniú a dhéanamh freisin ar chleachtais bheaga chánachais agus chuntasaíochta agus ar an méid a bheidh ag teastáil uathu ó thaobh seirbhísí agus tacaíochtaí is féidir a chur ar fáil chun cabhrú lena gcliant aon riachtanais nua a chomhlíonadh.
- ✓ Chuir freagróirí i bhfios go láidir gur cheart an tairbhe a bhaineann le tuairisciú gar d'fhíor-ama ag gnóthaí laistigh den chóras CBL a chothromú i gcoinne na gcostas breise comhlíontachta a d'fhéadfadh a bheith ann agus an cur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ar an seiceamh tuairiscithe i measc gnóthaí, dóibh siúd nach bhfuil an teicneolaíocht nó an fhoireann i bhfeidhm acu cheana féin chun freastal ar athrú ar an bpróiseas tuairiscithe. Chuir páirtithe leasmhara i dtreis nach mór aird chúramach a thabhairt ar an tionchar ar ghnóthaí, go háirithe ar FBM.

**C.3. Dea-chleachtas, moltaí nó ceachtanna a foghlaimíodh ó ghnóthaí atá faoi réir tuairisciú CBL in áiteanna eile faoi láthair.**

I bhfianaise na freagartha láidre comhairliúcháin a tháinig ón bpobal gnó beag, dúirt formhór na bhfreagróirí nach raibh siad faoi réir córas tuairiscithe CBL in áiteanna eile.

Thug roinnt gnóthaí, meánmhéide agus mórmhéide den chuid is mó, le fios go raibh orthu sonraí a thuairisciú maidir lena n-idirbhearta CBL agus chuir siad moltaí isteach, thug siad léargas agus dearcthaí luachmhara ar an ábhar seo.

Níor thug daoine eile le fios go sainráite an bhfuil siad faoi réir gníomhaíochtaí tuairiscithe reatha i dtíortha eile ach chuir siad léargas eile ar fáil. Léiríonn an t-aiseolas seo ar fad fíorspéis i gcur leis an bpróiseas comhairliúcháin.


Ba é an téama ba shuntasá a bhí i bhfreagraí gnóthaí ná gur chóir do na Coimisinéirí Ioncaim ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí na dtíortha sin a bhfuil córais tuairiscithe CBL aibí acu a ionchorprú, agus cuimhneamh ar dhea-chleachtais atá ag teacht chun cinn sa phróiseas cinnteoireachta amach anseo chun córas digiteach tuairiscithe CBL a chur i bhfeidhm.

Bhí fonn ar ghnóthaí a chur in iúl go bhfuil amanna feiliúnacha don ghnó, agus deiseanna ar fáil chun tástáil agus píolótú a dhéanamh ar an gcóras nua i dtimpeallacht rialaithe tábhachtach dóibh.

Chomh maith leis sin, is é an rud is suntasaí le gnóthaí ná gur chóir do na Coimisinéirí Ioncaim breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm céimnithe.

Ina theannta sin, tá fonn ar ghnóthaí clár tuairiscithe CBL a bheith acu atá éifeachtach ó thaobh costais de, soiléir agus éasca le tuiscint. Anuas air sin, is é comhoiriúnacht le nó le huasghrádú íosta is gá dá mbogearraí atá ann cheana féin a mian agus i gcás nach mbaineann sé le ham riaracháin méadaithe do ghnóthaí, chuirfí fáilte roimhe seo freisin.

**Tuairisciú Fíor -Ama CBL a dhéanamh i dTír eile.**



An méid a dúradh linn.

"Creat ama leordhóthanach roimh dul-beo."

"Bhí sé deacair ag an tús ach simplí anois."

"Ní mór do na córais a bheith éasca le húsáid"

"Aistriú deacair a bhí i gceist ardán leictreonach a fhoghlaim"

"Ní raibh a lán táirgí bogearraí cuntasaióchta réidh nuair a bhí sé éigeantach. Mar sin, b'éigean bogearraí tríú páirtí a úsáid go dtí go raibh na táirgí bogearraí réidh le húsáid...."

"Cinntigh go bhfuil tacaíocht ar fáil go héasca chun cur ar chumas gnóthaí déileáil le hathruithe"

"Tá próisis simplí ríthábhachtach"

"A chinntiú go bhfuil an tástáil ar fad críochnaithe agus réidh don chóras"

"Bíonn sé deacair na rialacha go léir a thuiscint...."

"Caithfidh roghanna eile a bheith agat maidir leis na sonraí a iompórtáil, ag baint úsáid as teimpléid iompórtála [bogearraí ainmnithe] agus teimpléid iompórtála córais"

"a chinntiú go bhfuil an tástáil ar fad críochnaithe agus réidh don chóras"

"thóg sé bliain chun comhtháthú a dhéanamh"

**C.3. Moltaí na bpáirtithe leasmhara agus ceachtanna a foghlaimíodh óna dtaithe féin nó ó thaithe a gcliaint atá faoi réir tuairisciú CBL faoi láthair in áiteanna eile.**

- ✓ Cé gur thug formhór na bhfreagróirí gnó le fios nach raibh aon taithe acu ar thuairisciú CBL i dtír eile, mar a bhíodas ag súil leis, bhí cur amach ag céatadán i bhfad níos airde de pháirtithe leasmhara ar thuairisciú i dtír eile, bíodh sé sin trí thaithe a gcliaint nó mar sholáthraithe seirbhíse iad féin sna tíortha sin.
- ✓ Rinne páirtithe leasmhara dá leithéid trácht ar cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh na riachtanais theicniúla atá beartaithe do chóras DRR na hÉireann curtha in iúl a luaithe is féidir ionas gur féidir le gnóthaí réamhullmhúcháin a dhéanamh agus fadhbanna tráthúlachta neamhriachtanacha a sheachaint, a d'fhéadfadh impleachtaí costais a chruthú, agus iad ag bunú agus ag cur córas tuairiscithe nua i bhfeidhm.
- ✓ Chuir roinnt acu in iúl go bhfuil cinnteacht maidir le hamlínte tábhachtach toisc gur féidir le moilleanna ar chur chun feidhme fadhbanna a chruthú do ghnóthaí a d'fhéadfadh a bheith ullmhaithe cheana féin le haghaidh dáta tosaithe níos luaithe, ós rud é go n-oibríonn an chuid is mó de ghnóthaí i dtreo amlínte dochta le haghaidh athruithe TF agus próisis, agus féadann spriocdhátaí gearra agus / nó moilleanna a bheith dúshlánach dóibh agus iad ag iarraidh na hamlínte sin a choinneáil.
- ✓ Ar an gcaoi chéanna, d'aontaigh páirtithe leasmhara le gnóthaí sa mhéid is go bhfuil sé ríthábhachtach go gcuirfeadh na Coimisinéirí loncaim timpeallachtaí tástála agus straitéis cumarsáide soiléir ar fáil go luath, a thabharfadh aga tionscanta atá fabhrach do ghnó.
- ✓ Ina theannta sin, ag teacht le hábhair imní na ngnólachtaí, mhol páirtithe leasmhara nár cheart pionóis a fhorfheidhmiú ar feadh tréimhse tosaigh tar éis a chuirtear chun feidhme é, chun am a thabhairt do ghnólachtaí fadhbanna tosaigh a réiteach.
- ✓ Dúirt roinnt páirtithe leasmhara go raibh roinnt imní ar a gcliaint i dtaobh an reachtaíocht bainteach le Rialachán Ghinearálta um Chosaint Sonraí agus tuairisciú digiteach a chur i bhfeidhm i roinnt tíortha, agus gur ábhar é seo nach mór a mheas.
- ✓ Mhol roinnt acu gur cheart tuairisciú digiteach fíor-ama CBL a thabhairt isteach ar bhonn chéimnithe bunaithe ar mhéid an ghnó a eisíonn na sonraisc.
- ✓ Le roinnt cliant na bpáirtithe leasmhara ag feidhmiú ar fud na hEorpa, mhol siad cur chuige comhchuibhithe ar fud an Aontais maidir le tuairisciú digiteach ó thaobh leagan amach agus minicíocht na dtuairiscí, an cineál cáinócóra agus idirbheart a chumhdaítear, an tacar sonraí a theastaíonn, agus na modhanna a úsáidtear chun an fhaisnéis a tharchur chuig na Coimisinéirí loncaim. Mhol roinnt acu go ndéanfaí moltaí na gCoimisinéirí loncaim maidir le tuairisciú digiteach a ailíniú leis na ceanglais sonraí faoi chomhchaighdeán an AE maidir le ríomhshonrascadh (EN 16931).

**C.4. Tuairimí, ábhair imní, nó moltaí ó ghnóthaí maidir le bogadh chuig ríomhshonrascadh le haghaidh idirbhearta CBL intíre B2B & B2G.**

Dúirt formhór na ngnólachtaí a thug freagra ar an gComhairliúchán seo linn nach raibh mórán eolais acu ar ríomhshonrascadh agus measann cuid acu nach bhfuil sé ábhartha dá n-oibríochtaí reatha.

Cé nár thairg na freagróirí seo tuairimí, ábhair imní ná moltaí ar leith a bhaineann le ríomhshonrascadh, mar sin féin, tá a n-ionchur luachmhar chun léargas a fháil ar réimse na ndearcthaí agus tuiscintí laistigh den phobal gnó.

Leagann a bhfreagraí béim ar an ngá atá le hiarrachtaí spriocdhírithé faisnéise chun feasacht a ardú agus tuiscint ar ríomhshonrascadh a chur chun cinn i measc gnólachtaí nach mbeadh cur amach acu ar an gcoincheap, ná ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis.

Luaigh roinnt gnóthaí cé chomh tábhachtach is atá sé timpeallacht a chothú ina a spreagtar nuálaíocht dhigiteach chom maith le cothromaíocht a bhaint amach ag an am céanna idir na réaltachtaí airgeadais atá os comhair FBManna.

Mhol roinnt gnóthaí go mbeadh rochtain ar réitigh atá éasca le húsáid agus éifeachtach ó thaobh costais de, a chabhródh chun rannpháirtíocht níos leithne i gcórais dhigiteacha nua a spreagadh.

Bhí imní ar roinnt acu maidir le cumas córais TF a ngnólachtaí, a n-inniúlacht TF féin, infhaighteacht bogearraí, agus inrochtaineacht leathanbhanda ghaolmhar dá n-idirbhearta gnó. Údar imní eile a chuir freagróirí in iúl ná go bhféadfadh riarachán méadaithe a bheith mar thoradh ar shonrascú leictreonach, go háirithe do ghnólachtaí beaga agus do mhicreaghnólachtaí.

Cosúil le haon phróiseas nuachóirithe, chuir gnólachtaí in iúl an tábhacht a bhaineann le dea-phleanáil, amlínte leordhóthanacha, idirthréimhse, cur chun feidhme céimnithe, tástáil agus cláir phiólótacha.

Ar an iomlán, ba iad comhoibriú éifeachtach agus sár-ullmhúcháin na téamaí tábhachtacha a tháinig ó ghnólachtaí, a leagann béim ar cé chomh tábhachtach agus atá sé cur chuige céimnithe agus straitéiseach a ghlacadh maidir le ríomhshonrascadh a chur i bhfeidhm.

Bhí an tábhacht a bhaineann le tacaíocht thráthúil agus leordhóthanach do ghnóthaí i bhfoirm áiseanna treorach agus oiliúna mar phríomhiarratais ghnó freisin.

Dúirt Freagróirí Gnó linn.

- Tá imní orthu faoi chumas agus comhoiriúnacht a bpacáistí bogearraí reatha gnó maidir len iad a chomhtháthú le córais ríomhshonrascacha.
- Tá gá le cumarsáid oscailte, comhoibriú, oiliúint, treoir agus tacaíocht ar fud na bpróiseas deartha, cur chun feidhme agus dul beo, chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais, na hábhair imní agus an t-aiseolas atá ag teacht chun cinn ó ghnóthaí.
- Tá gá acu le hamlínte soiléire, intuatha agus leordhóthanacha lena gcuirtear ar chumas gnóthaí pleanáil agus ullmhúcháin a dhéanamh mar is cuí, rud a íoslaghdaíonn éiginnteacht agus cur isteach ar a n-oibríochtaí.
- An tábhacht a bhaineann le córas ríomhshonrascacha a bheith chomh simplí agus éasca le húsáid agus is féidir chun an t-aistriú chuig ríomhshonrascadh a éascú go héifeachtach.
- A n-ábhair imní go gcuirtear réitigh chúí i bhfeidhm, chun aghaidh a thabhairt ar dhiúltú, ceartúcháin agus teip córais don líonra

**C.4. Tuairimí, ábhair inmí agus moltaí na bpáirtithe leasmhara maidir le haistriú chuig ríomhshonrascadh le haghaidh idirbhearta CBL intíre B2B & B2G.**

- ✓ Tugann na Freagraí le fios go mb'fhéidir nach n-úsáidfí roinnt gnólachtaí córas amháin chun gach gné dá sonrascú a bhaint amach agus go bhfuil go leor gnólachtaí ag obair le níos mó ná córas airgeadais amháin faoi láthair. Tá inmí ann go mbeidh deacrachtaí ag gnólachtaí a dhéanann roinnt eilimintí de láimh agus iad ag eisiúint sonraisc faoi láthair aistriú chuig tuairisciú fíor-ama.
- ✓ Moladh le roinnt freagraí nár cheart go mbeadh drochthionchar ag riachtanais agus sonraíochtaí bainteach le córais ríomhshonrasctha do idirbhearta B2B agus B2G ar príomhfheidhm sonrasaithe gnó.
- ✓ Dúradh freisin gur cheart go mbeadh athruithe sonrasaithe ag teacht le reachtaíocht ábhartha eile (agus rialáil) a dhéileáil le héilimh íocaíochta agus na doiciméid tacaíochta d'éilimh den sórt sin.
- ✓ D'iarr roinnt acu go leanfaí ar aghaidh le socruithe maidir le sonraisc shimplithe agus sonraisc achoimre, rud atá tábhachtach mar riachtanas gnó i go leor tionscal, agus go mbeadh gnólachtaí in ann leanúint ar aghaidh ag aontú le socruithe féinbhilleála nuair is cuí.
- ✓ Tugann aiseolas ó fhreagraí páirtithe leasmhara le fios go bhfuil feasacht ann go bhfuil go leor cásanna ann ina bhfuil foclaíocht shonrach ag teastáil le haghaidh sonraisc intíre B2B, mar shampla i gcás na scéime corrlaigh le haghaidh CBL, údarú CBL 56B, Cáin Conarthaí Iomchuí (CCI) agus idirbhearta maoiné. Ina theannta sin, dúradh go bhfuil go leor cleachtais tionscail sna réimsí airgeadais agus léasaithe (m.sh., sonraisc CBL um chomhaontú Fruilcheannaigh, sonraisc CBL léasaithe bliantúil) nach mór a chur san áireamh.
- ✓ Dúradh nár cheart tabhairt isteach ríomhshonrascadh éigeantach a dhearadh ar bhealach a chruthódh fadhbanna do ghnólachtaí, agus nár cheart go bhfeicfí na riachtanais mar ualach breise agus dá bhrí sin go mba cheart ríomhshonraisc a sheoladh chuig custaiméirí gan réamhcheadú nó bailíochtú a bheith ag teastáil ó na Coimisinéirí Ioncaim.
- ✓ Ó thaobh an phróisis ghnó de agus ó thaobh tosaíochta de, níor chóir go mbeadh dúbailt ar ríomhshonrascadh agus sonrascú tráchtála mar thoradh ar nuachóiriú CBL, sa mhéid is gur chóir go mbeifí in ann an ríomhshonrasc a léamh agus a úsáid mar shonrasc tráchtála.

**C.5. Tuairimí ó ghnóthaí atá i mbun ríomhshonrascadh cheana féin.**

Ní rud nua é ríomhshonrascadh do chóras CBL na hÉireann, ach is beag taithe a bhí ag formhór na ngnóthaí a ghlac páirt sa gComhairliúchán Poiblí go dtí seo ar ríomhshonrascadh.

Mar is léir ó na freagraí ar Cheist 4, i gcás fhorhómhór na bhfreagróirí, ní cuid dá samhail ghnó ná dá n-oibríochtaí reatha é ríomhshonrascadh. Dá réir sin, thug cohórt suntasach gnóthaí le fios nach raibh siad i mbun ríomhshonrascadh agus dá bhrí sin nach raibh aon chur amach acu ar an ábhar seo agus nach raibh aon mholtaí ná tuairimí acu agus /nó nach raibh siad in ann moltaí a thairiscint maidir le ríomhshonrascadh.


Tugann an t-aiseolas gnó seo le fios go láidir, nuair a achtófar tograí ViDA an AE, go bhfuil imní ar ghnólachtaí a dhéanann idirbhearta trasteorann faoin gcaoi a mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar an mbearna eolais sin mar go mbeidh feidhm ag ríomhshonrascadh maidir le gach gnólacht a bhíonn ag trádáil idir Bhallstáit an Aontais.

Mar sin féin, thug líon beag acu le fios, de bharr an tuiscint a bhí acu ar ríomhshonrascadh, thuigeadar go raibh sé mar chuid dá bpróisis ghnó.

Leag gnólachtaí béim ar an tábhacht a bhaineann le go mbeadh agáit ionscanta leordhóthanacha ann, cinnteacht maidir le riachtanais an chórais agus amlínte, infhaighteacht tairseacha tástála agus, thar aon rud eile, comhchuibhiú ar fud na hEorpa.

Moladh gnó suntasach eile uathu siúd atá i mbun ríomhshonrascadh is ea an spleáchas criticiúil ar sholáthraithe bogearraí agus ríomhshonraisc chun cabhrú le gnólachtaí agus comhoibriú leo, chun a chinntiú go dtacaíonn a gcórais agus a mbogearraí reatha le gnóthaí aistriú rathúil a dhéanamh chuig ríomhshonrascadh.

**Views from Businesses on eInvoicing.**



Céard a d'inis tú dúinn faoi do chuid ullmhúcháin agus dúshláin.

"Bhí orainn ár bpacáiste cuntasaíochta a uasghrádú mar go raibh ár gcóras róshean".

"A chinntiú go raibh bogearraí cuntasaíochta cothrom le dáta".

"Ba é an rud ba dheacra ná bogearraí a aimsiú a bhí éasca le húsáid agus saor".

"Agus muid ag ullmhú le haghaidh ríomhshonrascadh, dhíríomar ar chórais bhogearraí comhoiriúnacha agus oiliúint foirne a chomhtháthú, agus aghaidh á tabhairt againn ar dhúshláin maidir le caighdeáin éagsúla a ailíniú agus slándáil sonraí a chinntiú."

"Ceann de na príomh dhúshláin a bhaineann le ríomhshonrascadh ná an castacht theicniúil agus comhoiriúnacht na gcórais agus formáidí éagsúla."

"... easpa aga tionscanta leordhóthanach".

"Tá go leor pleanála a dhéantar laistigh den chuideachta i dteannta saíneolaithe 3ú páirtí ar riachtanais bogearraí, comhlíontacht ... "

"D'fhéadfadh go mbeadh ar ghnólachtaí infheistíocht a dhéanamh i mbogearraí, cru-earraí nó comhtháthuithe nua chun ríomhshonrascadh a chumasú, rud a d'fhéadfadh a bheith costasach agus fadálach ó thaobh ama de....."

**C 5. Tuairimí ó pháirtithe leasmhara le taithí éigin ar ríomhshonrascadh.**

- ✓ Ós rud é go bhfuil líon na ngnólachtaí atá ag cur ríomhshonrascadh i bhfeidhm faoi láthair d'idirbhearta B2G nó B2B in Éirinn réasúnta íseal, ba é an freagra is coitianta ó pháirtithe leasmhara ar an gceist seo ná "nach raibh aon taithí ag a bhformhór ar ríomhshonrascadh".
- ✓ É sin ráite, chuir cuid acu ionchur luachmhar ar fáil ó thaithí a gcliant i dtíortha a thug sainordú do ríomhshonrascadh B2B agus na tuairimí láidir a roinneadh faoin easpa comhchuibhithe atá ann faoi láthair agus faoin dúshlán a bhaineann le bheith ag déileáil le córais éagsúla ar fud na hEorpa, go háirithe do na ghnóthaí atá ag feidhmiú ar fud roinnt tíortha.
- ✓ Tuairimí eile a cuireadh in iúl ná an easpa cinnteachta maidir le riachtanais theicniúla an chórais ag tús an chéim deartha agus nuair nach bhfuair gnólachtaí na sonraíochtaí córais ach go han-déanach.
- ✓ Téama eile a bhain le taithí na bpáirtithe leasmhara ab ea an easpa cumarsáide soiléire agus tráthúil ó Riaracháin Chánach nuair a bhí clár ríomhshonrascatha á chur i bhfeidhm.
- ✓ Téama eile a bhí le feiceáil go láidir ag teacht ó pháirtithe leasmhara ná na dúshláin ionductaithe agus chun aghaidh a thabhairt orthu sin, an gá go n-eisítear nótaí treorach i dteanga shoiléir shimplí agus go bhfuil deasca tacaíochta ar fáil go forleathan ar feadh tréimhse réasúnta nuair a bheidh an clár beo.

**C.6. Moltaí ó ghnóthaí maidir le haistriú na hÉireann chuig clár ríomhshonrasctha B2B agus B2G.**

Agus breithniú á dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe atá beartaithe, go háirithe i gcomhthéacs córais nó próisis ríomhshonrasctha B2B a ghlacadh, deir gnólachtaí go mbeidh cineálacha éagsúla teorach, oiliúna agus tacaíochta ag teastáil uathu chun a n-aistriú a éascú go héifeachtach agus chun na dúshláin a bhaineann le hathrú a shárú.

Cuireadh in iúl i roinnt mhór freagraí nach raibh gnólachtaí in ann aon mholadh a chur ar fáil toisc go gur rud iomlán nua é ríomhshonrascadh na hÉireann d'fhormhór na ngnólachtaí agus dá bhrí sin nach bhfuil aon fheasacht ná cur amach acu ar ríomhshonrascadh.

Leag gnólachtaí béim ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht ghníomhach agus luath le soláthraithe bogearraí ríomhshonrasctha chun a chinntiú go bhfuil réitigh curtha in oiriúint do riachtanais FBManna.

Léirigh líon suntasach gnólachtaí imní maidir leis na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn, go háirithe do ghnólachtaí beaga, agus iad ag bogadh chuig ríomhshonrascadh.

Bhí na hábhair imní seo dírithe ar fhachtóirí éagsúla, amhail cumas TF reatha na ngnólachtaí, a n-ullmhacht agus a n-aibíocht reatha ó thaobh cúrsaí digiteacha de, agus an tionchar féideartha do fhiontair bheaga a bhfuil acmhainní agus cumais theicniúla teoranta acu.

Chuir go leor gnólachtaí in iúl gur mhian leo próisis chuíchóirithe atá éasca le tuiscint, a leanúint agus a chur i gcrích, go háirithe do ghnólachtaí beaga a bhfuil scil agus saineolas teicniúil teoranta acu.

Bhur moltaí.

- Bhí an téama, aga tionscanta leordhóthanach ag teacht chun cinn go minic agus leag gnólachtaí béim ar an ríthábhacht a bhaineann le tréimhse ama réasúnta a thabhairt chun ullmhú d'athruithe, agus len iad a chur i bhfeidhm.
- Tá sé an-tábhachtach deiseanna a thabhairt do ghnólachtaí tástáil phíolótach a dhéanamh ar an gcóras nua sula gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán é.
- Leag roinnt de na freagraí gnó béim ar cé chomh inmhianaithe atá sé go mbeadh solúbthacht ag baint le haon chóras nua ríomhshonrasctha chun freastal ar riachtanais FBManna, trí idirthréimhse sínte a thabhairt nó trí chur chuige éagsúla a chur ar fáil, a d'fhéadfaí a roghnú.
- Cláir oiliúna agus acmhainní tacaíochta a thairiscint do ghnólachtaí, go háirithe FBManna, chun a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas riachtanach acu chun aistriú chuig ríomhshonrascadh gan stró.
- Trédhearcacht agus intuathacht na gcostas maidir le cur chun feidhme tosaigh agus réachtáil bhliantúil an chórais ríomhshonrasctha.

**C.6. Moltaí na bpáirtithe leasmhara do chlár ríomhshonrasctha B2B agus B2G na hÉireann.**

- ✓ Tá an deis ag Éirinn foghlaim ó thaithí dlínsí eile, agus mhol páirtithe leasmhara gur chóir do na Coimisinéirí Ioncaim idirchaidreamh a dhéanamh le Riaracháin Chánach a bhfuil taithí acu ar chórais ríomhshonrasctha chun dea-chleachtas a shainaithint.
- ✓ Luadh an Ciste um Aistriú Digiteach (arna mhaoirsiú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Fiontraíocht Éireann), mar thacaíocht riachtanach do ghnólachtaí, go háirithe do FBManna atá ag aistriú chuig teicneolaíocht dhigiteach, chun cabhrú leo margai nua a bhaint amach agus chun a dtáirgiúlacht agus a n-iomaíochas a fheabhsú.
- ✓ I bhfianaise an ráta réasúnta íseal lena bhfuil ríomhshonrascadh reatha á fheidhmiú ag gnólachtaí Éireannacha, chuir páirtithe leasmhara in iúl gur cheart do na Coimisinéirí Ioncaim tréimhse shuntasach ama agus oideachais a cheadú chun gnóthaí a ullmhú le haghaidh ríomhshonrascadh éigeantach do sholáthairtí B2B agus B2G.
- ✓ Thug roinnt moltaí le fios, chun clár rathúil ríomhshonrasctha B2B & B2G a bheith ann, go raibh sé ríthábhachtach go bhfanfaí glan ó shainmhínte docha neamhriachtanacha agus ó chaighdeán nó teicneolaíochtaí ar leith a ghlacfaí ar bhonn eisiach, go háirithe maidir le caidrimh B2B–B2G. Luaigh roinnt eile gur chóir go mbeadh struchtúr teicniúil na ríomhshonraisc a theastaíonn le haghaidh idirbhearta intíre comhsheasmhach leis na cinn a theastaíonn le haghaidh idirbhearta trasteorann faoi ViDA.
- ✓ Cuireadh in iúl freisin go mbeadh sé ina chuidiú dá ndéanfadh na Coimisinéirí Ioncaim ceardlanna praiticiúla a eagrú (mar shampla nuair a bhí Nua-Aoisiú ÍMAT á thabhairt isteach) do chleachtóirí cánach agus do ghnólachtaí araon chun a léiriú conas a oibreoidh an próiseas chomh maith leis an t-idirghníomhú riachtanach bainteach le bogearraí na gCoimisinéirí Ioncaim.
- ✓ I measc na bhfreagraí ó ghnóthaí agus ó pháirtithe leasmhara araon, cuireadh in iúl gur chóir do na Coimisinéirí Ioncaim tús a chur le rannpháirtíocht chomh luath agus is féidir le soláthraithe bogearraí agus ríomhshonrasctha ar na sonraíochtaí teicniúla bainteach le ríomhshonrascadh. Thacódh sé sin le soiléireacht ar na riachtanais theicniúla ionas go bhféadfaí nuashonruithe bogearraí riachtanacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in am trátha agus go ndéanfaí an bogadh chuig ríomhshonrascadh ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costas de do gach gnólacht.
- ✓ Dúirt roinnt eile gur cheart machnamh a dhéanamh ar sholúbthacht do shamhlacha agus socruithe gnó éagsúla a bhaineann leis an scéim corrlaigh CBL, údarú CBL 56B, Cáin Conarthaí Iomchuí (CCI), idirbhearta maoinne i bhfad roimh ré, sna próisis deartha.
- ✓ Luaigh roinnt gur cheart go n-oibreodh ríomhshonrascadh ar aon dul le croíphróiseas sonrasaithe tráchtála gnó, agus ar mhaithe le héifeachtúlacht ghnó a éascú agus gur cheart na modhanna chun an ríomhshonrasc a imréiteach agus a tharchur a mheas mar aon leis an amlíne chun an ríomhshonrasc a eisiúint.
- ✓ Nótáil gnóthaí go mbeidh ar na ceanglais slándála sonraí maidir le ríomhshonraisc a tharchur agus tuairisciú digiteach sonraí a bheith láidir.
- ✓ Dúradh freisin, i gcás na ngnóthaí sin a bhfuil idirbhearta B2C acu freisin, gurbh fhiú measúnú a dhéanamh ar cé chomh fiúntach is a bheadh sé idirbhearta B2C a chur san áireamh ag an am céanna le cur i bhfeidhm DRR fíor-ama d'idirbhearta B2B agus B2G. Léiríonn aiseolas ó chliant roinnt páirtithe leasmhara, go bunúsach, gur mian leis na gnólachtaí sin a bhfuil idirbhearta B2B agus/nó B2G agus B2C acu an féidearthacht a sheachaint go mbeadh orthu dhá chóras tuairiscithe éagsúla a oibriú

**C.7. Tugann an fhaisnéis leid maidir le céard a bheadh úsáideach do ghnólachtaí chun an tuairisceán CBL a chomhlánú?**

Chuir aiseolas gnó béim láidir ar shimplíocht, inúsáidteacht, agus soiléireacht sa phróiseas maidir le tuairisceán a chomhlánú.

Mhol roinnt gnólachtaí go ndéanfaí meabhrúcháin a eisiúint a bheadh mar leid ó thaobh comhlíontachta de.

Leag gnólachtaí eile béim ar an tábhacht atá le córais a dhearadh atá fabhrach do ghnólachtaí, a íoslaghdaíonn castacht agus a éascaíonn rannpháirtíocht shaoráideach i leith na comhlíontachta.

D'iarr gnóthaí eile ar na Coimisinéirí loncaim machnamh a dhéanamh ar mhínte mionsonraithe a chur san áireamh sna réimsí riachtanacha chomh maith le roghanna anuas agus leideanna ar an bhfoirm CBL3.

Bhí ardleibhéal sástachta leis an bhformáid tuairiscithe um fhilleadh reatha a léiríonn cur amach na hearnála gnó ar phróisis atá ann cheana féin.

D'aithin roinnt go bhféadfadh dúshlán agus tréimhse choigeartúcháin a bheith ag baint leis an aistriú chuig formáid tuairiscithe dhigitigh do ghnólachtaí a bhí i dtáthí ar na modhanna tuairiscithe traidisiúnta, ach aithníonn siad go gcuireann sé deiseanna ar fáil freisin chun próisis a chuíchóiriú, ualaí riaracháin a laghdú, agus leas níos mó a bhaint as teicneolaíocht chun oibríochtaí gnó a fheabhsú.

Cé gur léirigh roinnt gnólachtaí sástacht go ginearálta leis an bhformáid tuairiscithe um fhilleadh reatha le linn an chomhairliúcháin phoiblí, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbaineann an próiseas comhairliúcháin le scrúdú a dhéanamh ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le haistriú chuig rogha eile, sé sin formáid tuairiscithe dhigitigh atá níos gaire do thuairisciú fíor-ama.

An méid a dúradh linn.

"Ba chóir treoir mhionsonraithe céim ar chéim a eisiúint maidir le tuairisceán CBL a chomhlánú."

"Ba chóir mínte simplí a thabhairt ar gach céim den phróiseas."

"Go dtarraingítear aird ar aon earráidí a tharlaíonn le linn tuairisceán CBL láithreach le leid agus gur féidir leasuithe a dhéanamh go héasca."

"Chuirfí fáilte roimh leideanna le haghaidh idirbhearta agus iompórtálacha/easpórtálacha laistigh den AE agus cuntasáíocht iarchurtha maidir le gnólachtaí beaga."

"Dá mbeadh sé ar fáil, d'fhéadfadh bosca le haghaidh nótaí tráchta a bheith ina chuidiú sna céimeanna tosaigh chun deis a thabhairt do thíolaiceoirí aon tuairimí a chur san áireamh maidir le míreanna líne ar leith, rud a d'fhéadfadh rannpháirtíocht breise trí M'Fhiosruithe a laghdú."

"Bheadh fáilte chomh maith roimh roinnt leideanna chun cabhrú le gnólachtaí tuiscint a fháil ar na forálacha bainteach le táillí frithmhúirir d'fhochonraitheoirí."

"Faighim go bhfuil mínte simplí an-chabhrach, b'fhéidir cinn a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil trí cúrsóir a choinneáil os cionn téarma ciotach agus tuairisceán CBL á chomhlánú agat."

"Go mbeadh a fhios agat go bhfuil gach sonrasc curtha ar fáil agus curtha isteach ag Soláthraithe. Bheadh iarmhéid Fíor-Ama i leith CBL Iníoctha cabhrach."

"Sonraí díolacháin agus sonraí ceannaigh, nuair a dhéanann cuideachta sonrasc le CBL go dtuairiscítear iad láithreach i gcuideachta amháin mar dhíol agus sa chuideachta eile mar cheannachán chun earráidí a ghearradh amach"

**C.7. Cén leideanna faisnéise a bheadh úsáideach do ghnólachtaí chun an tuairisceán CBL a chomhlánú?**

- ✓ Dúirt roinnt gnóthaí go bhféadfadh sé a bheith ina chabhair dá mbeadh bosca tráchta ar fáil san fhoirm tuairisceáin CBL ar líne sna céimeanna tosaigh, chun ligean do thíolaiceoirí tuairimí a chur san áireamh maidir le míreanna líne ar leith, rud a d'fhéadfadh rannpháirtíocht sa bhreis leis na Coimisinéirí Ioncaim a laghdú.
- ✓ Dúirt roinnt eile go mbíonn sé deacair ag roinnt gnólachtaí impleachtaí an CCI a thuiscint, agus chun cabhrú le gnólachtaí ina leith sin, go mbeadh fáilte roimh roinnt leideanna chun cabhrú le gnóthaí tuiscint a fháil ar na forálacha i leith táillí frithmhuirir d'fhochonraitheoirí.
- ✓ Nótáil roinnt eile, ó thaobh gnólachtaí beaga, go mbeadh fáilte roimh leideanna le haghaidh idirbhearta agus iompórtálacha/easpórtálacha laistigh den AE agus cuntasaíocht iarchurtha.
- ✓ Thug roinnt gnóthaí faoi deara go bhféadfadh tairbhe a bheith leis dá mbeadh tuairisceáin CBL 3 réamhlíonta go hiomlán nó go páirteach bunaithe ar na sonraí fíor-ama a tarchuireadh, chun an próiseas tuairiscithe CBL a shimpliú, ach go n-aithníonn siad, go bhféadfadh sé go mbeadh gnólachtaí de mhéid ar leith ag iarraidh réitigh a dhéanamh idir an tuairisceán réamhlíonta agus a dtaifid féin.
- ✓ Ós rud é go bhfuil tuairisceán CBL reatha na hÉireann réasúnta simplí i gcomparáid le tuairisceáin níos casta i dtíortha eile, mhol roinnt gur cheart an simplíocht sin a choinneáil.
- ✓ Sa ré tuairiscithe nua-aoisithe, dúradh gur chóir treoir shoiléir a bheith ann maidir leis an gcaoi ar cheart déileáil le ceartúcháin nó le hearráidí.
- ✓ Luaigh roinnt gnóthaí go mbeadh fáilte roimh mheabhrúcháin tíolactha agus dá gceadófaí am breise do ghnólachtaí beaga tuairisceán CBL a thíolacadh.
- ✓ Ar deireadh, luaigh roinnt páirtithe leasmhara gur chóir riachtanais tuairiscithe a nascadh nuair is féidir chun an t-ualach riaracháin agus airgeadais ar ghnólachtaí a laghdú.

## Samplaí d'aiseolas Gnó a fuarthas

|   |  |
|---|--|
|  <p>"A chinntiú go bhfuil clár ríomhshonrasctha éasca le húsáid"</p>   |  <p>"Sásta má laghdaíonn sé an t-am riaracháin"</p>  |
|  <p>"Smaoinigh ar an tionchar ar ghnólachtaí beaga/ar earnálacha éagsúla gnó"</p>                                    |  <p>"Bí aireach ar chumas TF gnó agus ar a n-ullmhacht / aibíocht dhigiteach reatha"</p>              |
|  <p>"Oiliúint, treoir agus tacaíocht/dea-chumarsáid riachtanach"</p>   |  <p>"Níos mó soiléireachta agus Faisnéis maidir le hidirbhearta idirnáisiúnta á dtuairisciú"</p>     |
|  <p>"Aiseolas a chur ar fáil/aighneachtaí a rinneadh / an cumas earráidí a choigeartú a chur ar fáil"</p>          |  <p>"Ba cheart go mbeadh tabhairt isteach aon chórais nua feasach ar na costais do ghnólachtaí"</p> |
|  <p>"Nasc le tuairisciú cánacha eile"</p>  |  <p>"Fáilte roimh athrú má tá sé cosúil le Nua -Aoisíú ÍMAT"</p>                                    |
|  <p>"Pleanáil le dátaí garspriocanna /agus criticiúil go bhfuil cinnteacht riachtanais curtha in iúl roimh ré"</p> |  <p>"Tuairisceán/cumas níos mionsonraithe chun mínithe a thabhairt"</p>                             |
|  <p>"Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim foghlaim ó thíortha eile"</p>   |  <p>"Comhchuibhiú/caighdeánú a chinntiú"</p>   |

## Cuid 4. Conclúidí agus na Chéad Chéimeanna Eile

### **Conclúidí**

Leagtar amach sa Tuarascáil seo achoimre ar na tuairimí a chuir 1,118 freagróir ar aghaidh mar fhreagra ar Chomhairliúchán Poiblí na gCoimisinéirí Ioncaim le déanaí maidir le Nuachóiriú Tuairiscithe CBL le tacaíocht ó ríomhshonrascadh.

De réir mar a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim críoch leis an gcéad chéim den chomhairliúcháin seo, fáiltímid roimh na léargais agus na dearcthaí luachmhara a thagann ó ghnólachtaí agus páirtithe leasmhara eile araon. Cuirfidh bhur dtuairimí go mór lenár bplé i leith an chláir nua-aoisithe um thuairisciú CBL atá beartaithe agus déanfaimid breithniú cuí ar d'aiseolas mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.

Táimid ag déanamh staidéir ar na moltaí go léir agus ag tabhairt aird ar na hábhair inmí atá curtha in iúl ag gnólachtaí agus páirtithe leasmhara araon.

Chuir roinnt gnólachtaí in iúl go dtacaíonn siad leis an togra, go n-aithnítear buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis agus an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith aige ar a ngnó. Aithníonn na gnóthaí sin an tábhacht a bhaineann le nuálaíocht agus le dul chun cinn agus chuir siad in iúl go bhfuil siad toilteanach cineálacha cur chuige nua nó réitigh a fhiosrú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nó ar dheiseanna atá ann cheana.

### ***Na chéad chéimeanna eile agus próisis chomhairliúcháin amach anseo***

Déanfaimid na saincheisteanna agus na hábhair inmí ó na freagraí uile a mheas. Cabhróidh na tuairimí seo linn agus muid ag déanamh dul chun cinn ar ár n-aistear Nua-Aoisithe CBL.

Leanfaimid orainn le pléití atá spriocdhírthe ar ghnéithe sonracha de thuairisciú CBL agus ríomhshonrascadh agus muid ag cíoradh na príomh-shaincheisteanna agus déanfar breithniú níos mionsonraithe ar réitigh fhéideartha.

Tá tuilleadh comhairliúcháin agus rannpháirtíochta poiblí le teacht, de réir mar a thagann cruth níos soiléire ar thograí athchóirithe, go ndéantar iad a thástáil, a bheachtú agus a chur i bhfeidhm. Fáiltímid roimh na tairiscintí éagsúla a rinne agus a dhéanfas gnólachtaí agus páirtithe leasmhara chun páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre agus i ngrúpaí comhairleacha teicniúla, a bheidh ina phríomhchuid dár straitéis deartha agus forfheidhmithe agus muid ag bogadh chun cinn.

Ag teacht chun cinn ó chomhairliúcháin bhreise, beidh deiseanna eile ann do gach gnólacht agus páirtí leasmhar a léargais, a gcuid moltaí agus a ndea-chleachtais a roinnt. Is mór againn bhur dtacaíocht leanúnach go dtí seo agus bhur rannpháirtíocht i gcéimeanna breise dár bpróiseas comhairliúcháin.

Idir an dá linn, molaimid duit leanúint ar aghaidh ag roinnt bhur gcuid moltaí agus tuairimí linn trí úsáid a bhaint as [vatmodernisation@revenue.ie](mailto:vatmodernisation@revenue.ie) mar go leanfaidh bhur n-ionchur de bheith mar thaca chun ár gcuid oibre a stiúradh.